

Easpa dídine

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi easpa dídine in iarthar na tíre. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. carthanacht	a. <i>growing</i>
2. ag dul i méid	b. <i>income</i>
3. níos déine	c. <i>in light of</i>
4. cóiríocht éigeandála	d. <i>emergency accommodation</i>
5. daoine gan dídean	e. <i>eviction order</i>
6. go fíorúil	f. <i>more severe/stricter</i>
7. i bhfianaise	g. <i>imploring</i>
8. tionchar	h. <i>charity</i>
9. teacht isteach	i. <i>influence</i>
10. ag impí ar	j. <i>homeless people</i>
11. ordú díshealbhaithe	k. <i>virtually</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cé mhéad leanbh a bhí i gcóiríocht éigeandála in iarthar na hÉireann i mí Lúnasa?
2. Cén fáth ar luadh an figiúr 254?
3. Conas a bhailigh Pobal Shíomóin na Gaillimhe €105,000?
4. Cén fáth a bhfuil an-ímní ar Karen Golden?

5. Cad atá Colette Coughlan ag impí ar an rialtas?

Ceist 3

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Samhlaígí go bhfuil sibh ag eagrú 'Codladh Amuigh' fíorúil sa rang. Cruthaígí póstaer chun an imeacht a fhógairt. Bíodh na nithe seo a leanas léirithe ar an bpóstaer:

- dáta
- míniú simplí
- cén fáth ar cheart é a dhéanamh

Ceist 4

'...i bhfianaise...'

Féach:

i	=	<i>in</i>	i bPort Láirge
in roimh ghuta			in Albain
sa (i + an)	=	<i>in the</i>	sa Ghréig
san roimh ghuta			san Eastóin
san roimh fh + guta			san Fhionlainn

Anois, líon na bearnaí sna habairtí thíos.

1. Óltar go leor fíona ____ Fhrainc.
2. An raibh tú riamh ____ Iodáil.
3. Níl aon uisce ____ bhuidéal.
4. Tá sí ____ éad leis.
5. Nach bhfuil sé ina chónaí ____ gCorcaigh?
6. Ba bhreá liom dul ar saoire ____ Bhruiséil.
7. Thit sé isteach ____ fharraige.

Ceist 5

'...aon bhliain...'

Leanann séimhiú 'aon' nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal a leanann é le **b**, **c**, **f**, **g**, **m** agus **p**. Cuir na nathanna cainte seo a bhfuil an focal *aon* iontu in abairtí lena mbrí a léiriú.

- mar aon le
- ar aon fhocal le
- ar aon aigne
- d'aon ghuth
- d'aon ghnó

Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth a mbíonn daoine gan dídean in Éirinn, dar leat?
2. An ndearna tú féin aon ní chun airgead a chruinniú ar mhaithe le carthanacht?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
h	a	f	d	j	k	c	i	b	g	e

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Tabhair go leor ama do gach beirt an tasc seo a dhéanamh. Caithfidh siad plé a dhéanamh ar dtús ar an eolas a bheidh ar a bpóstaer agus ansin caithfidh siad an t-eolas a scríobh amach. Cuir obair gach beirte i gcodarsnacht le chéile.

Ceist 4

1. Óltar go leor fíona **sa** Fhrainc.
2. An raibh tú riamh **san** Iodáil.
3. Níl aon uisce **sa** bhuidéal.
4. Tá sí **in** éad leis.
5. Nach bhfuil sé ina chónaí **i** gCorcaigh?
6. Ba bhreá liom dul ar saoire **sa** Bhruiséil.
7. Thit sé isteach **san** fharraige.

Ceist 5

mar aon le – *as well as*

ar aon fhocal le – *in agreement with*

ar aon aigne – *of one intention/mind*

d'aon ghuth – *unanimously*

d'aon ghnó – *on purpose*

Ceist 6

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Emer Ní Chonghaile

Tá imní mhór ar an gcarthanacht *Simon* i nGaillimh go bhfágfar i bhfad níos mó daoine gan dídean má chuirtear daoine as a bpost de bharr srianta níos déine a chur i bhfeidhm. In ainneoin gur bhailigh *Simon* níos mó airgid ón bhfeachtas *Codladh Amuigh* i mbliana ná aon bhliain eile, tá an brú ar a gcuid seirbhísí ag dul i méid.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhí 427 duine ar fad, 282 duine fásta agus 145 leanbh i gcóiríocht éigeandála in iarthar na hÉireann i mí Lúnasa.

Is i gContae agus anseo i gcathair na Gaillimhe a bhí 254 de na daoine fásta sin, bhí 23 i gcontae Mhaigh Eo agus cúigear i Ros Comáin. Ach níl daoine gan dídean a bhíonn ag codladh amuigh san áireamh sna figiúirí seo.

Deir Pobal Shíomóin na Gaillimhe gur faoi láthair go bhfuil idir 15 agus 20 duine ag codladh amuigh sa chathair. Reáchtáladh codladh amuigh bliantúil na carthanachta go fíorúil ag an deireadh seachtaine i bhfianaise Covid-19 agus bailíodh níos mó airgid i mbliana ná mar a bailíodh riamh, breis is €105,000 go dtí seo. Ach deir príomhfheidhmeannach na heagraíochta go bhfuil siad go mór faoi bhrú i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil agus tá imní mhór orthu faoin tionchar a bheadh ag srianta leibhéal 5 ar chúrsaí.

Karen Golden, Príomhfheidhmeannach, Pobal Shíomóin na Gaillimhe

Tá níos mó daoine ag teacht chugainn cheana féin i mbliana ná riamh roimhe seo. Má théann muid go dtí leibhéal 3, leibhéal 4, leibhéal 5, is dócha go gcaillfidh níos mó daoine a gcuid post agus go mbeidh níos mó daoine gan dóthain teacht isteach chun a gcuid cíosa a íoc agus go mbeidh arís, go mbeidh siad ag breathnú ar dhul isteach i lóistín éigeandála - tá an-imní orm faoi sin.

Eibhlín Ní Choistealbha

Deir eagraíochtaí eile ar nós COPE Galway go mbeidh an scéal amhlaidh acu féin.

Colette Coughlan, COPE Galway

Bhuail muid le go leor daoine i Mí an Mhárta¹ agus mí Aibreáin a chaill a bpoist mar gheall ar Covid-19. Tá imní orainn anois go mbeadh muid ag bualadh leis na daoine céanna arís agus go leor daoine breise agus tá muid ag impí ar an rialtas cosc a chur ar an ordú díshealbhaithe láithreach.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, Cathair na Gaillimhe.

¹ *Mí Márta* a dúradh